Taobh Tíre

Tuairisc 10

Nollaig 2005 – Márta 2006

Cúlra

Is é atá in *Taobh Tíre – seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantracha tuaithe* ná tionscadal píolótach taighde atá ag scrúdú agus ag cur i bhfeidhm modhanna úra nuálacha i seachadadh seirbhísí leabharlainne do phobail thuaithe iargúlta. Tá ceithre thogra dhéag de dhea-chleachtas bunaithe in áiteanna éagsúla ar fud Dhún na nGall, dhá thogra oileánda agus dhá thogra uirbeacha ina measc. Tá foireann an tionscadail ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara áitiúla – coistí forbartha áitiúla, ionaid acmhainní teaghlaigh, gnólachtaí, tionscamh iompair tuaithe srl. Cé gur i nDún na nGall atá an scéim phíolótach, beidh tionchar ag na torthaí ar phobail iargúlta ar fud na hÉireann.

Ag leathnú amach go dtí ceantracha úra

Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne de chuid Thionscadal Óige Choill an Ghleanna, Tionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn, Sean-Bheairic an Fháil Charraigh, agus Ionad Acmhainne Teaghlaigh Phaiteagó i mí na Nollag agus i mí Eanáir. Is é a bhí i gceist leis an oiliúint ná a thaispeáint do bhaill foirne an dóigh le WebOPAC a láimhseáil, úsáideoirí a chlárú, ábhair a iarraidh ar líne srl. Cuireadh trealamh agus blaschnuasach isteach i Sean-Bheairic an Fháil Charraigh agus in Ionad Acmhainne Teaghlaigh Phaiteagó. Seoladh ionad an Fháil Charraigh ar an 24 Feabhra mar chuid de Fhéile na Sean-Bhearice. Tá seoltaí eile beartaithe don Earrach 2006.

Acmhainní Ar Líne

Ceannaíodh 6 bhunachar sonraí agus tá siad ar fáil ar shuíomh idirlín na leabharlainne trí chianlógáil isteach ag www.donegallibrary.ie. Is féidir le húsáideoirí lógáil isteach saor in aisce trína gcárta leabharlainne a úsáid. Seo a leanas na bunachair shonraí atá ar fáil: Newsbank, FACTfinder, Xreferplus, Grove Music, Grove Art, agus Oxford Reference Premium. Tugann soláthar acmhainní idirlín den chineál seo céim eile chun tosaigh muid leis na constaicí tíreolaíochta agus sóisialta chuig Sochaí an Eolais a bhriseadh síos.

Maoiniú

Rinneadh iarratas chuig an Chlár Speisialta Síochána agus Athmhuintearais de chuid an AE (Síocháin II), faoi Bheart 3.3, ag tógáil pobal níos fearr agus ag feabhsú pobal tuaithe i gceantar na teorann. Rinneadh meastóireacht ar an iarratas ar an 10 Feabhra agus táthar ag dréim le cinneadh ar an iarratas ar an 24 Márta. Tugadh maoiniú de €28,500 do Taobh Tíre. Úsáidfear an maoiniú seo le leanúint le post an chomhordaitheora ar an tionscadal go dtí mí na Samhna agus le Leabharlannaí Cúnta a fhostú go páirtaimseartha le cuidiú leis an tionscadal a phríomhshruthú. Leanfar le taighde ó thaobh foinsí eile maoinithe de.

Forbairt Léitheoirí

Tá déagóirí i mBaile Suingean i ndiaidh taighde a chríochnú don Leabhrán Ultaise. Is é atá sa leabhrán roinnt staire faoi cheantar an Charraigín / Bhaile Suingean agus foclóir ultaise. Tá an leabhrán seolta chuig dearthóir graificeach agus déanfar é a sheoladh sa samhradh i ndiaidh na scrúduithe.

Príomhshruthú

Oibreoidh Comhaire Chontae Dhún na nGall i dtreo na seirbhísí a chuireann Taobh Tíre ar fáil a phríomhshruthú. Tá obair ullmhúcháin ar siúl san am i láthair leis seo a éascú. Cuirfear treoracha cuimsitheacha ar fáil do lucht riartha Taobh Tíre. Tá cruinniú den fhoireann leabharlainne ar fad socraithe d'mhí Aibreáin. D'fhéadfadh an cruinniú seo ceisteanna eile a chur chun tosaigh maidir le príomhshruthú. Eagrófar cuairteanna chuig ionaid Taobh Tíre fosta do bhaill foirne leabharlainne.

Faireacht agus Meastóireacht

Tá Aonad Taighde agus Polasaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall i ndiaidh tús a chur le meastóireacht ar an tionscadal i mí na Nollag. I rith mhí na Nollag agus mhí Eanáir thug oifigigh thaighde cuairt ar na hionaid Taobh Tíre le cás-staidéir a dhéanamh ar na hionaid éagsúla. Dearadh agus scaipeadh ceistneoirí fá choinne úsáideoirí fásta i mí Eanáir. Cuireadh amach ceistneoirí fá choinne páistí agus daoine óga i mí Feabhra. Chuir na taighdeoirí isteach an dátá a cuireadh ar fáil i mí Mhárta. Tá painéal tomhaltóirí eagraithe do mhí Bealtaine. Is é a bheas sa phainéal seo ná príomhpháirithe leasmhara a bhí páirteach sa tionscadal go dtí seo, ag leibhéil éagsúla. Beidh an t-eolas agus an taithí atá acu go dtí seo tábhachtach don mheastóireacht. Ina dhiaidh seo, déanfar anailísiú agus déanfar an tuairisc mheastóireachta a scríobh.

Fá choinne tuilleadh eolais, féach:

Tuairisc 1: Nollaig 2002-Márta 2003

Tuairisc 2: Aibreán 2003 – Iúil 2003

Tuairisc 3: Lúnasa 2003 – Samhain 2003

Tuairisc 4: Nollaig 2003 – Márta 2004

Tuairisc 5: Aibreán 2004 – Iúil 2004

Tuairisc 6: Lúnasa 2004 – Samhain 2004

Tuairisc 7: Nollaig 2004 – Márta 2005

Tuairisc 8: Aibreán 2005 – Iúil 2005

Tuairisc 9: Lúnasa 2005 – Samhain 2005

Nó déan teagmháil le:

Donna Quinn, Comhordaitheoir an Tionscadail, Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Aonad 7, Thorn Road, Magherennan, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall. Guthán 074 9168743

Ríomhphost dquinn@donegalcoco.ie

www.donegallibrary.ie